# DÁIL ÉIREANN

*Dé Céadaoin*, 30 *Márta*, 2011
*Wednesday*, 30*th March*, 2011

---

RIAR NA hOIBRE
ORDER PAPER

*Dé Céadaoin*, 30 *Márta*, 2011
*Wednesday*, 30*th March*, 2011

10.30 a.m.

---

**ORD GNÓ**
**ORDER OF BUSINESS**

***6a.*** Tairiscint *maidir le* Buan-Orduithe 39, 120 agus 121.
Motion *re* Standing Orders 39, 120 and 121.

**10.** Ráitis i ndáil leis an Tuarascáil ó Bhinse Moriarty (*atógáil*).
Statements in relation to the Moriarty Tribunal Report (*resumed*).

**GNÓ COMHALTAÍ PRÍOBHÁIDEACHA**
**PRIVATE MEMBERS' BUSINESS**

**20.** (*l*) Tairiscint *maidir leis* an Muirear Sóisialach Uilíoch (*atógáil*).
(*a*) Motion *re* Universal Social Charge (*resumed*).

**FÓGRA I dTAOBH GNÓ NUA**
**NOTICE OF NEW BUSINESS**

**20*a*.** Rún Cáinte *maidir leis* an Teachta Micheál Ó Labhraí
Motion of Censure *re* Deputy Michael Lowry.

## I dTOSACH GNÓ PHOIBLÍ
## AT THE COMMENCEMENT OF PUBLIC BUSINESS

*Fógraí Tairisceana : Notices of Motions*

***6a.*** "D'ainneoin aon ní sna Buan-Orduithe, go ndéanfar, go dtí go gcuirfear a mhalairt in iúl sa 31ú Dáil, Buan-Orduithe Dháil Éireann i dtaobh Gnó Phoiblí a leasú leis seo mar a leanas—

That, notwithstanding anything in Standing Orders, until further notice in the 31st Dáil, the Standing Orders of Dáil Éireann relative to Public Business are hereby amended as follows—

(*a*) **BUAN-ORDÚ 39 – CEISTEANNA A mBEIDH UAIN SONRAITHE DÓIBH**

(*a*) **STANDING ORDER 39 – QUESTIONS NOMINATED FOR PRIORITY**

Le héifeacht ón 5ú Aibreán, 2011, i mBuan-Ordú 39, tríd an mír seo a leanas a chur in ionad mhír (1)(iv):

With effect from 5th April, 2011, in Standing Order 39, by the substitution of the following paragraph for paragraph (1)(iv):

'(iv) Is mar a leanas a bheidh an t-ord ina ndéantar Ceisteanna a mbeidh uain sonraithe dóibh a chur ar Riar na hOibre gach lá:

(iv) The sequence in which Questions nominated for priority are placed on the Order Paper each day shall be as follows:

***AN CHÉAD SEACHTAIN***

| Lá | Grúpa | Ceist Uimh. |
|---|---|---|
| **Dé Máirt** | Fianna Fáil | 1 |
| | Sinn Féin | 2 |
| | An Grúpa Teicniúil | 3 |
| | Fianna Fáil | 4 |
| | Sinn Féin | 5 |
| **Dé Céadaoin** | Fianna Fáil | 1 |
| | Sinn Féin | 2 |
| | An Grúpa Teicniúil | 3 |
| | Fianna Fáil | 4 |
| | An Grúpa Teicniúil | 5 |
| **Déardaoin** | Fianna Fáil | 1 |
| | Sinn Féin | 2 |
| | An Grúpa Teicniúil | 3 |
| | Fianna Fáil | 4 |
| | Sinn Féin | 5 |

***FIRST WEEK***

| Day | Group | Question No. |
|---|---|---|
| **Tuesday** | Fianna Fáil | 1 |
| | Sinn Féin | 2 |
| | Technical Group | 3 |
| | Fianna Fáil | 4 |
| | Sinn Féin | 5 |
| **Wednesday** | Fianna Fáil | 1 |
| | Sinn Féin | 2 |
| | Technical Group | 3 |
| | Fianna Fáil | 4 |
| | Technical Group | 5 |
| **Thursday** | Fianna Fáil | 1 |
| | Sinn Féin | 2 |
| | Technical Group | 3 |
| | Fianna Fáil | 4 |
| | Sinn Féin | 5 |

***AN DARA SEACHTAIN***

| Lá | Grúpa | Ceist Uimh. |
|---|---|---|
| **Dé Máirt** | Fianna Fáil | 1 |

***SECOND WEEK***

| Day | Group | Question No. |
|---|---|---|
| **Tuesday** | Fianna Fáil | 1 |

| | | |
|---|---|---|
| | Sinn Féin | 2 |
| | An Grúpa Teicniúil | 3 |
| | Fianna Fáil | 4 |
| | An Grúpa Teicniúil | 5 |
| **Dé Céadaoin** | Fianna Fáil | 1 |
| | Sinn Féin | 2 |
| | An Grúpa Teicniúil | 3 |
| | Fianna Fáil | 4 |
| | Sinn Féin | 5 |
| **Déardaoin** | Fianna Fáil | 1 |
| | Sinn Féin | 2 |
| | An Grúpa Teicniúil | 3 |
| | Fianna Fáil | 4 |
| | Technical Group | 5 |

Ar choinníoll go mbeidh tosach labhartha ag páirtí is grúpa faoi Bhuan-Ordú 120(1)(*a*) ar ghrúpa arna aithint faoi mhír (1)(*b*) den Bhuan-Ordú sin.

(*b*) **BUAN-ORDÚ 120 – GRÚPAÍ**

Le héifeacht ón 12ú Aibreán, 2011, i mBuan-Ordú 120, tríd an mír seo a leanas a chur in ionad mhír (5):

‘(5) (i) Beidh de cheart ag gach grúpa comhalta príobháideach den ghrúpa a ainmniú chun tairiscint ina ainm nó ina hainm a dhéanamh nó chun dul ar aghaidh le Céim de Bhille sa Dáil.

(ii) Is de réir líon na gcomhaltaí atá sna grúpaí a chinnfear a mhinice a bhainfidh gach grúpa leas as an gceart sin;

(iii) Is mar a leanas a bheidh an t-ord ina mbainfidh na grúpaí leas as an gceart sin:

An Chéad Ócáid a thógfar gnó comhaltaí príobháideacha:

Fianna Fáil

| | | |
|---|---|---|
| | Sinn Féin | 2 |
| | Technical Group | 3 |
| | Fianna Fáil | 4 |
| | Technical Group | 5 |
| **Wednesday** | Fianna Fáil | 1 |
| | Sinn Féin | 2 |
| | Technical Group | 3 |
| | Fianna Fáil | 4 |
| | Sinn Féin | 5 |
| **Thursday** | Fianna Fáil | 1 |
| | Sinn Féin | 2 |
| | Technical Group | 3 |
| | Fianna Fáil | 4 |
| | Technical Group | 5 |

Provided that a party which is a group under Standing Order 120(1)(*a*) shall have precedence over a group recognised under paragraph (1)(*b*) of that Standing Order.’,

(*b*) **STANDING ORDER 120 – GROUPS**

With effect from 12th April, 2011, in Standing Order 120, by the substitution of the following paragraph for paragraph (5):

(5) (i) Each group shall have the right to nominate a private member of the group either to move a motion standing in his or her name or to proceed with a Stage of a Bill in the Dáil.

(ii) The frequency with which each group may exercise this right shall be determined on the basis of the number of members in the groups;

(iii) The sequence in which the groups may exercise this right shall be as follows:

First occasion on which private members’ business is to be taken:

Fianna Fáil

An chéad ócáid eile a bhíonn ann: Sinn Féin

Next available occasion: Sinn Féin

An chéad ócáid eile a bhíonn ann: An Grúpa Teicniúil

Next available occasion: Technical Group

An chéad ócáid eile a bhíonn ann: Fianna Fáil

Next available occasion: Fianna Fáil

An chéad ócáid eile a bhíonn ann: Sinn Féin

Next available occasion: Sinn Féin

An chéad ócáid eile a bhíonn ann: Fianna Fáil

Next available occasion: Fianna Fáil

An chéad ócáid eile a bhíonn ann: An Grúpa Teicniúil

Next available occasion: Technical Group

An chéad ócáid eile a bhíonn ann: Fianna Fáil

Next available occasion: Fianna Fáil

An chéad ócáid eile a bhíonn ann: Sinn Féin

Next available occasion: Sinn Féin

An chéad ócáid eile a bhíonn ann: An Grúpa Teicniúil

Next available occasion: Technical Group

An chéad ócáid eile a bhíonn ann: Tosóidh an t-ord arís.

Next available occasion: Sequence to recommence.

(iv) Atosóidh an t-ord atá leagtha amach thuas nuair a athchromfaidh Dáil Éireann ar a gnó i ndiaidh aon atráthú le haghaidh Shos an tSamhraidh.

(iv) The sequence set out above shall recommence on the resumption of Dáil Éireann following any adjournment for a Summer Recess.

Ar choinníoll go mbeidh tosach labhartha ag páirtí is grúpa faoi mhír (1)(*a*) ar ghrúpa arna aithint faoi mhír (1)(*b*).

Provided that a party which is a group under paragraph (1)(*a*) shall have precedence over a group recognised under paragraph (1)(*b*).',

agus

and

(*c*) **BUAN-ORDÚ 121 – TEORAINN AMA LE DÍOSPÓIREACHT**

(*c*) **STANDING ORDER 121 – TIME LIMITS TO DEBATE**

Le héifeacht ón 5ú Aibreán, 2011, i mBuan-Ordú 121, trí na Coinníollacha seo a leanas a ghabhfaidh le mír (4) a chur isteach:

'Ar choinníoll go mbeidh feidhm ag na teorainneacha ama seo a leanas agus ag an ord cainteoirí seo a leanas ar an díospóireacht ar thairiscint ó chomhalta príobháideach atá teoranta do thrí huaire an chloig:

| | |
|---|---|
| An Tairgtheoir | 40 nóiméad |
| An Rialtas | 30 nóiméad |
| Freasúra 1* | 15 nóiméad |
| Freasúra 2* | 15 nóiméad |
| An Rialtas | 30 nóiméad |
| An Tairgtheoir | 30 nóiméad |
| An Rialtas | 5 nóiméad |
| An Tairgtheoir (chun freagra a thabhairt) | 15 nóiméad |

Ar choinníoll, fairis sin, go mbeidh tosach labhartha ag páirtí is grúpa faoi Bhuan-Ordú 120(1)(*a*) ar ghrúpa arna aithint faoi mhír (1)(*b*) den Bhuan-Ordú sin.

[*Is éard iad Freasúra 1 agus 2-*

*(i) Sinn Féin agus an Grúpa Teicniúil, faoi seach, nuair is é Fianna Fáil an tairgtheoir;*

*(ii) Fianna Fáil agus an Grúpa Teicniúil, faoi seach, nuair is é Sinn Féin an tairgtheoir; agus*

*(iii) Fianna Fáil agus Sinn Féin, faoi seach, nuair is é an Grúpa Teicniúil an tairgtheoir.*]

With effect from 5th April, 2011, in Standing Order 121, by the insertion of the following Provisos to paragraph (4):

Provided that the following time limits and sequence of speakers shall apply on the debate on a motion proposed by a private member which is limited to three hours:

| | |
|---|---|
| Proposer | 40 minutes |
| Government | 30 minutes |
| Opposition 1* | 15 minutes |
| Opposition 2* | 15 minutes |
| Government | 30 minutes |
| Proposer | 30 minutes |
| Government | 5 minutes |
| Proposer (to reply) | 15 minutes |

Provided further that a party which is a group under Standing Order 120(1)(*a*) shall have precedence over a group recognised under paragraph (1)(*b*) of that Standing Order.'."

[*Opposition 1 and 2 are-*

*(i) Sinn Féin and the Technical Group, respectively, when the proposer is Fianna Fáil;*

*(ii) Fianna Fáil and the Technical Group, respectively, when the proposer is Sinn Féin; and*

*(iii) Fianna Fáil and Sinn Féin, respectively, when the proposer is the Technical Group.*]

*—Pól MacEochaidh, Aire Stáit ag Roinn an Taoisigh.*

---

## ORDUITHE AN LAE
## ORDERS OF THE DAY

**10.** Ráitis i ndáil leis an Tuarascáil ó Bhinse Moriarty (*atógáil*).
Statements in relation to the Moriarty Tribunal Report (*resumed*).

P.T.O.

## GNÓ COMHALTAÍ PRÍOBHÁIDEACHA
## PRIVATE MEMBERS' BUSINESS

*Tairiscint (atógáil) (1 ur. 30 n. fágtha)*:
*Motion (resumed) (1 hr. 30 m. remaining)*:

**20.** "That Dáil Éireann:

recognises that:

— the Universal Social Charge is an unjust and regressive tax, bearing down most heavily on those least able to afford it;

— the Universal Social Charge affects people earning as little as €77 per week;

— the Universal Social Charge is indiscriminate and affects someone earning €100,000 at the same rate as someone earning €16,016;

— low income workers, including medical card holders, working lone parents and working widows, who were exempt from the health and income levies which the Universal Social Charge replaced, are no longer exempt;

— coupled with the changes to tax credits and bands introduced in Budget 2011, the Universal Social Charge has increased the burden of taxation on the working poor; and

— even though the levy system was flawed, there was a greater level of progressivity in it; and

calls on the Government to:

— abolish the Universal Social Charge;

— as an interim measure, reinstate the health and income levies; and

— conduct an immediate impact assessment of levies as part of overall reform towards a streamlined and progressive taxation system." — *Pearse Doherty, Gerry Adams, Michael Colreavy, Seán Crowe, Dessie Ellis, Martin Ferris, Sandra McLellan, Mary Lou McDonald, Pádraig Mac Lochlainn, Jonathan O'Brien, Caoimhghín Ó Caoláin, Aengus Ó Snodaigh, Brian Stanley, Peadar Tóibín.*

[29 *March*, 2011]

*Leasú (atógáil)*:
*Amendment (resumed)*:

*1.* To delete all words after "Dáil Éireann" and substitute the following:

"recognises that:

— the Programme for Government states that the Universal Social Charge will be reviewed;

— the reinstatement of the income and health levies would bring poverty traps back into the system; and

— the appropriate time to make any amendments to the Universal Social Charge is after the review." — *An tAire Airgeadais.*

---

***20a.*** "That Dáil Éireann, in view of the findings of the Moriarty Tribunal, censures Deputy Michael Lowry, noting that his behaviour was totally unbecoming for a member of this House."

— *Gerry Adams, Michael Colreavy, Seán Crowe, Pearse Doherty, Dessie Ellis, Martin Ferris, Sandra McLellan, Mary Lou McDonald, Pádraig Mac Lochlainn, Jonathan O'Brien, Caoimhghín Ó Caoláin, Aengus Ó Snodaigh, Brian Stanley, Peadar Tóibín.*

[29 *March*, 2011]

---

**SCRÍBHINNÍ A LEAGADH FAOI BHRÁID NA DÁLA**
**DOCUMENTS LAID BEFORE THE DÁIL**

| | |
|---|---|
| *Reachtúil:* | *Statutory:* |
| 1) Togra le haghaidh Cinnidh ón gComhairle lena mbunaítear an seasamh a bheidh le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh ag Cúigiú Comhdháil na bPáirtithe i gCoinbhinsiún Stócólm ar Thruailleáin Orgánacha Mharthanacha (TOM) maidir leis an togra chun Iarscríbhinn A a leasú mar aon le nóta faisnéise míniúcháin.<br>COM (2011) 67. | 1) Proposal for a Council Decision establishing the position to be adopted on behalf of the European Union at the Fifth Conference of the Parties to the Stockholm Convention on Persistent Organic Pollutants (POPs) with regard to the proposal for an amendment of Annex A together with explanatory information note.<br>COM (2011) 67. |
| 2) Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Dea-Chleachtas Talmhaíochta le haghaidh Uiscí a Chosaint) (Leasú), 2011 (I.R. Uimh. 125 de 2011). | 2) European Communities (Good Agricultural Practice for Protection of Waters) (Amendment) Regulations 2011 (S.I. No. 125 of 2011). |
| 3) An Roinn Gnóthaí Pobail, Comhionannais agus Gaeltachta. Tuarascáil Leathbhliantúil don Oireachtas faoi alt 2(5) d'Acht an Aontais Eorpaigh (Grinnscrúdú), 2002. 1 Iúil - 31 Nollaig, 2010. | 3) Department of Community, Equality and Gaeltacht Affairs. Six-Monthly Report to the Oireachtas under section 2(5) of the EU (Scrutiny) Act 2002. 1 July – 31 December, 2010. |
| 4) An Ghníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní (GNBS): Ráiteas maidir le Fiach-Urrúis Eisithe. Márta, 2011 | 4) National Asset Management Agency (NAMA): Statement of Issued Debt Securities. March, 2011. |
| 5) Bord Fiontar Iarthar Chorcaí. Athbhreithniú Bliantúil, 2009. | 5) West Cork Enterprise Board. Annual Review, 2009. |
| 6) An Bord Airgeadais Oideachais (Iar-Chónaitheoirí de chuid Foras Áirithe do Leanaí). Tuarascáil Bhliantúil, 2010. | 6) Education (Former Residents of Certain Institutions for Children) Finance Board. Annual Report, 2010. |
| *Neamhreachtúil:* | *Non-Statutory:* |
| 1) An tOrdú um Iascach Bradán a Rialú, 2011 (I.R. Uimh. 123 de 2011). | 1) Control of Fishing for Salmon Order 2011 (S.I. No. 123 of 2011). |
| 2) Tuarascáil Eadrána Uimh. 1 de 2011. Scéim Chomhréitigh agus Eadrána don | 2) Arbitration Report No. 1 of 2011. Scheme of Conciliation and Arbitration for the Civil |

P.T.O.

Státseirbhís - Stóras an Stáit a Eisfhoinsiú (Na Coimisinéirí Ioncaim).

Service - Outsourcing of State Warehouse (Revenue Commissioners).